

# Clós Feirme agus Foirgnimh

## SÁBHÁILTEACHT TIMPEALL CHLÓS NA FEIRME

- Cinntigh go bhfuil gach rud slán roimh stoirm. D'fhéadfadh teagmhas tromchúiseach tarlú mádhéantar deisiúcháin le linn stoirme.
- Coinnigh earraí éadroma taobh istigh agus cuirslacht ar an gclós feirme.
- Cinntigh go bhfuil gach draen uisce ghlain saor ósmionagar agus go bhfuil na sruthanna éalaithe glan.
- Cinntigh go bhfuil na geataí go léir crochta agusdaingnithe i gceart le crochadáin cruach.
- Ba chóir na geataí uile a dhaingniú le boltaí nó leslabhraí. Ná húsáid sreangán riamh chun geata adhaingniú.
- Cinntigh go bhfuil do chlós feirme soilsithe gomaith agus go bhfuil na soilse tiontaithe chundallrú a sheachaint.

## SÁBHÁILTEACHT TIMPEALL FHOIRGNIMH FEIRME

- Seiceáil go bhfuil na lataí i ndea-chaoi sulagcúirtar an beostoc.
- Cinntigh go bhfuil na foirgnimh slán - go háirithe, go bhfuil an lochadh slán, i ndea-chaoi agusocraithe go daingean.
- Cuir doirse sleamhnáin in ionad geataí leatháin.
- Seiceáil go bhfuil na soilse go léir ag obair agusgo bhfuil na foirgnimh soilsithe go maith.
- Cinntigh go bhfuil gach leathán dín daingean. Agus tú ag obair ar airde faigh trealamh oiriúnachardaithe ar cíos i gcónaí - ná bí ag obair ardhréimire riamh.
- Cinntigh gur féidir leat rochtain shábháilte a fháilar ainmhithe atá sna foirgnimh.



## Trealamh Feirme

### SÁBHÁILTEACHT AGUS TREALAMH CONTÚIRTEACH Á ÚSÁID

- Faigh oiliúint ar conas trealamh a úsáid i gceart.
- Ná bain úsáid riamh as trealamh andearnadh damáiste dó agus cinntigh gobhfuil na sciatha cosanta go léir i bhfeidhm.
- Sábh Slabhraí: Féach treoir HSA ar ag Oibriúgo Sábháilte le hAdhmad agus le Slabhraí ar [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)
- Cinntigh go bhfuil gach clúdach P.T.O. i ndea-chaoi agus go n-athrófar aon cheann a ndéantardamáiste dó.



### CHUN TUILLEADH EOLAIS MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHTA FEIRME TABHAIR CUAIRT AR

[www.gov.ie/farmsafety](http://www.gov.ie/farmsafety)

[www.hsa.ie/eng/Your\\_Industry/Agriculture\\_Forestry](http://www.hsa.ie/eng/Your_Industry/Agriculture_Forestry)

[www.teagasc.ie/rural-economy/farm-management/farm-health--safety](http://www.teagasc.ie/rural-economy/farm-management/farm-health--safety)



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine

OEP Fón: 01-237 3800

Twitter: @emergencyLE

[www.winterready.ie](http://www.winterready.ie)

Ríomhphost: [oepp@defence.ie](mailto:oepp@defence.ie)

# Bí Ullamh don Gheimhreadh

AG FANACHT SLÁN AR AN bhFEIRM  
LE LINN AN GHEIMHRIDH



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland



## Fanaigí Slán

### AG FANACHT SLÁN LE LINN AN GHEIMHRIDH

Is slí bheatha ardriosca í an fheirmeoireacht, agus tá na rioscaí níos airde le linn drochaimsire.

Bhí go leor drochaimsire le cúpla geimhreadh anuas, le stoirmeacha diana agus tuilte fairsinge i roinnt ceantar.

Anois é an t-am chun **PLEANÁIL**, d'fhonn a chinntiú gur féidir leat féin agus do theaghlach dul i mbun feirmeoireachta ar bhealach sábháilte an geimhreadh seo.

### TABHAIR AIRE DO DO SHÁBHÁILTEACHT FÉIN

- Sula dtéann tú amach ar do thalamh inis igcónaí do dhuine cá bhfuil tú ag dul, agus cá fhad a bheidh tú imithe.
- Caith sraitheanna oiriúnacha éadaí.
- Bíodh fón póca luchtaithe agus tóirse agat.



## Folláine

### TABHAIR AIRE DÁ FHOLLÁINE

- Tóg am chun aire a thabhairt dá fholláine.
- Tóg am chun do chuid oibre a phleanáil.
- Tóg am chun aclaíocht a dhéanamh.
- Cuimhnigh orthu siúd nach bhfaca tú le tamall-cuir glao orthu nó seol téacs chucu chun a fháilamach conas atá ag éirí leo.

### SÁBHÁILTEACHT LEANAÍ AGUS CUAIRTEORA

- B'fhéidir nach mbeadh cur amach agcuairteoirí ar fheirm agus ba chóir go mbeadhduine in éineacht leo agus iad amuigh ar anbhfeirm.
- Ba chóir go ndéanfaí maoirseacht ar leanaí arfheirmeacha i gcónaí.
- Ba chóir limistéar súgartha sábháilte do leanaí chur ar fáil atá ar shiúl ó gach gníomhaíochtoibre, agus ina bhféadtar iad a fheiceáil ónteach cónaithe.
- Ní thuigeann leanaí na rioscaí abhaineann le hinnealra. Níl meaisínsábháilte fiú má bhíonn sé casta as.



## Innealra agus Leictreachais

### SÁBHÁILTEACHT TIMPEALL FEITHICLÍ FEIRMEOIREACHTA AGUS INNEALRA

- Cinntigh go ndéantar gach feithicil a sheirbhísiú agus a chothabháil i ndea-riocht oibre.
- Cinntigh go bhfuil soilse, coscáin agus coscáinlámhe i ndea-riocht oibre.
- Cinntigh go bhfuil tú oilte agus go bhfuil a fhiosagat conas do chuid innealra go léir a úsáid arbhealach sábháilte.
- Cinntigh go ndéantar feithicilí agus innealra nachn-úsáidfear i rith an gheimhridh a pháirceáil agusa stóráil ar bhealach sábháilte.

### SÁBHÁILTEACHT LEICTREACH

- Ná téigh in aice le línte cumhachta tite mar d'fhéadfadh siad a bheith beo fós - déan teagmháille Líonraí BSL sula dtéann tú in aice aon líntecumhachta atá leagtha.
- Cinntigh go bhfuil an sreangú leictreach timpeallna feirme i ndea-riocht.
- Gineadóirí cúltaca: Cinntigh go bhfuil lasc athraitheata feistithe i gceart agat agus ná bhain úsáid astuach nuair a bhíonn tú taobh amuigh mar d'fhéadfadhán mhúch sceite bheith mar chúis le bás.